# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

21 Iúil 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán (AE) 2021/1199 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha (PAHanna) i ngráinníní nó i mótaí a úsáidtear mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha nó i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i saoráidí spóirt** ([1]) ........ 1


CINNTÍ


★ **Cinneadh (CBES) 2021/1200 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena gcuirtear síneadh le téarma oifige an Chathaoirligh ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh agus lena gceaptar an chéad Chathaoirleach eile ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh** ........ 6

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1201 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le cosaintí éisteachta** ........ 8


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.


GA

* Faoin tagairt L 259 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/1199 ÓN gCOIMISIÚN

**an 20 Iúil 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha (PAHanna) i ngráinníní nó i mótaí a úsáidtear mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha nó i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i saoráidí spóirt**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán, (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 68(1) de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) In iontráil 50 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, tá srianta maidir le hocht hidreacarbón iltimthriallacha aramatacha (PAHanna) ([2]).

(2) Úsáidtear gráinníní rubair mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha. Úsáidtear gráinníní rubair agus mótaí i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i saoráidí spóirt, amhail cúrsaí gailf, airéiní lúthchleasaíochta, gróigeáin in airéiní capaill, conairí dúlra, nó raonta lámhaigh. Is de bhunús Boinn a bhfuil a Ré Caite (ELT) a bhíonn na gráinníní agus na mótaí sin den chuid is mó. Ar cheann de na hábhair imní is mó maidir leis an úsáid a bhaintear as gráinníní agus mótaí ELT tá láithreacht na n-ocht PAH sa mhaitrís rubair. Is meascáin iad gráinníní agus mótaí de réir bhrí Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus, dá bhrí sin, ní chumhdaítear iad le hiontráil 50 atá ann cheana d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán sin. Mar sin féin, liostaítear na hocht PAH mar shubstaintí carcanaigineacha de chatagóir 1B in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Dá bhrí sin, le hiontráil 28 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, cuirtear srian le soláthar gráinníní agus mótaí don phobal i gcoitinne, má tá PAHanna ag tiúchan atá cothrom le 100 mg/kg nó os a chionn sin le haghaidh BaP nó DBAhA, nó 1 000 mg/kg le haghaidh na sé PAH eile.

(3) Chun an tréithriú riosca a dhéanamh ar na gráinníní agus ar na mótaí ina bhfuil na hocht PAH, ní féidir teorainneacha tiúchana na PAHanna aonair in iontráil 28 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a achoimriú go simplí. Trí chur chuige suimitheachta a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Treoir maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ([4]) agus rannchuidiú coibhneasta na PAHanna

---

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

([2]) Beinsi[a]piréin (BaP), Beinsi[e]piréin (BeP), Beinsea[a]antraicéin (BaA), Criséin (CHR), Beinsea[b]fluaraintéin (BbFA), Beinsea[j]fluaraintéin (BjFA), Beinsea(k)fluaraintéin [BkFA), Dibeinsi[a,h]antraicéin (DBAhA).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([4]) https://www.echa.europa.eu/documents/10162/23036412/clp_en.pdf

éagsúla sa chion PAH i ngráinníní agus mótaí rubair á thabhairt ar aird, is féidir an uasteorainn tiúchana maidir le suim na n-ocht PAH a liostaítear a ríomh agus is é atá inti tuairim agus 387 mg/kg ([5]). Tháinig Rijksinstituut voor Volksgezondheid en Milieu (RIVM) ([6]) agus ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht" anseo feasta) ([7]) ar an gconclúid in 2017 go bhfuil an teorainn tiúchana ríofa sin maidir le meascáin de na hocht PAH ró-ard chun soláthar agus úsáid shábháilte na ngráinníní sin a ráthú i bpáirceanna scraithe sintéiseacha. Sa mheastóireacht a rinne an Ghníomhaireacht, mhol sí teorainn tiúchana na n-ocht PAH i ngráinníní a úsáidtear i bpáirceanna scraithe sintéiseacha a ísliú trí bhíthin sriain faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 mar gur measadh go raibh na teorainneacha tiúchana reatha ró-ard chun cosaint leordhóthanach a thabhairt do shláinte an duine.

(4) Bunaithe ar na conclúidí agus ar na meastóireachtaí sin, chuir an Ísiltír ("Aighnitheoir an tSainchomhaid" anseo feasta) sainchomhad Iarscríbhinn XV faoi bhráid na Gníomhaireachta ([8]) an 17 Meán Fómhair 2018, lena moltar srian a chur ar ocht PAH i ngráinníní lena n-úsáid mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha agus úsáid gráinníní nó mótaí i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i saoráidí spóirt.

(5) Is é carcanaigineacht na n-ocht PAH sin agus a n-acmhainneacht éifeachtaí géineatocsaineacha a ionduchtú an chúis is mó imní maidir le críochphointe shláinte an duine. Maidir leis na carcanaiginí neamhthairsí, ní féidir dáileog nach bhfuil riosca ailse ag baint léi a dhíorthú. Dá bhrí sin, maidir le tiúchan na n-ocht PAH i ngráinníní a úsáidtear mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha agus a úsáidtear i ngráinníní agus mótaí i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i saoráidí spóirt, ba cheart é a bheith chomh híseal agus is féidir.

(6) Chuir Aighnitheoir an tSainchomhaid cásanna nochta éagsúla san áireamh, cásanna a bhaineann leis an úsáid a bhaintear as gráinníní i bpáirceanna scraithe sintéiseacha, na hoibrithe a chuireann na páirceanna isteach agus a choinníonn ar bun iad agus na daoine a imríonn spórt orthu (imreoirí gairmiúla agus amaitéaracha amuigh sa pháirc agus báireoirí), agus cásanna a bhaineann le gráinníní agus mótaí a úsáidtear i bhfeidhmeanna scaoilte ar chlóis súgartha nó i saoráidí spóirt, áit a bhféadfadh daoine agus leanaí go háirithe a bheith nochta. Bunaithe ar na torthaí samplála ó RIVM, meastar go mbeidh rioscaí ailse iomarcacha ann ar bhonn tiúchan iomlán shuim na n-ocht PAH a aimsítear faoi láthair i líonadh ELT. Idir 6,7 mg/kg agus 21 mg/kg an raon tiúchana a aimsíodh maidir leis na meascáin sin.

(7) Léirigh Aighnitheoir an tSainchomhaid go bhfuil riosca ailse iomarcach ann d'oibrithe agus don phobal i gcoitinne atá nochta do ghráinníní rubair inarb é 387 mg/kg teorainn tiúchana ríofa shuim na n-ocht PAH, agus ar leibhéal tiúchana i bhfad níos ísle, meastar go bhfuil an dóchúlacht níos ísle ná sin arís go bhféadfadh ailse a bheith mar thoradh ar nochtadh duine do na PAHanna a liostaítear. Is é conclúid Aighnitheoir an tSainchomhaid go bhfuil tiúchan shuim na n-ocht PAH idir 15 mg/kg agus 21 mg/kg in ábhar líonta ELT indéanta ar bhonn teicniúil agus eacnamaíoch, agus mhol sé teorainn tiúchana 17 mg/kg a chur i bhfeidhm. Mheas Aighnitheoir an tSainchomhaid go gcomhlíonfadh 95 % den ábhar líonta díorthaithe ó ELT an teorainn tiúchana sin.

(8) Chun a áirithiú go n-úsáidfear aon ghráinnín nó aon mhóta ar bhealach sábháilte agus chun nach mbainfear úsáid as roghanna malartacha a d'fheadfadh cúis imní chomh mór céanna, nó níos mó ná sin, a bheith ag baint leo agus a bhaineann le rubar athchúrsáilte, mhol Aighnitheoir an tSainchomhaid gur cheart a chumhdach leis an srian na meascáin atá déanta de rubar athchúrsáilte agus d'ábhair eile, bídís sin ina n-óghábhair nó ina n-ábhair athchúrsáilte, ina n-ábhair shintéiseacha nó ina n-ábhair nádúrtha.

(9) De dhroim go bhfuil an teorainnluach 17 mg/kg atá molta ag Aighnitheoir an tSainchomhaid i bhfad níos ísle ná na teorainnluachanna 100 mg/kg go dtí 1 000 mg/kg is infheidhme faoi láthair maidir le gráinníní, bheadh ar roinnt táirgeoirí gráinníní atá díorthaithe ó ELT ráta na tástála comhlíontachta a mhéadú agus bheadh orthu aistriú chuig ionchur táirgeachta níos glaine nó scor d'ábhar líonta a tháirgeadh. De thoradh an tsriain sin, bheadh 5 % de na gráinníní a tháirgtear faoi láthair neamhchomhlíontach i gcás ina mbeadh feidhm ag an srian a luaithe a chuirfear i bhfeidhm é. Dá bhrí sin, mhol Aighnitheoir an tSainchomhaid idirthréimhse 12 mhí lena dtabharfaí tréimhse theoranta ach réasúnach d'úsáideoirí iartheachtacha (táirgeoirí, dáileoirí agus cuideachtaí scraithe a chuireann an scraith isteach) chun leanúint d'úsáid a bhaint as gráinníní atá curtha ar fáil dóibh cheana, ach nach gcomhlíonann an teorainnluach 17 mg/kg atá beartaithe.

---

([5]) Níor cheart breathnú ar an luach sin mar dhearbhluach, mar d'fhéadfadh athrú teacht air ag brath ar thiúchan agus ar rannchuidiú coibhneasta na PAHanna aonair i líonadh ELT.

([6]) https://www.rivm.nl/bibliotheek/rapporten/2017-0017.pdf

([7]) https://echa.europa.eu/documents/10162/13563/annex-xv_report_rubber_granules_en.pdf/dbcb4ee6-1c65-af35-7a18-f6ac1ac29fe4

([8]) https://www.echa.europa.eu/documents/10162/9777e99a-56fb-92da-7f0e-56fcf848cf18

(10) An 7 Meitheamh 2019, ghlac Coiste um Measúnú Riosca (RAC) na Gníomhaireachta tuairim ([9]) lena gcinntítear nach féidir glacadh le hábhar PAH i ngráinníní rubair a chomhfhreagraíonn don teorainn tiúchana ríofa le haghaidh meascán i gcomhréir le hiontráil 28 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus nár cheart leibhéil den sórt sin a cheadú le haghaidh substaintí agus nach gcuireann siad leibhéal leordhóthanach cosanta ar fáil d'oibrithe agus don phobal i gcoitinne. Chomhaontaigh RAC gur cheart ábhar PAH a ísliú agus mhol sé teorainn tiúchana 20 mg/kg le haghaidh shuim na n-ocht PAH i ngráinníní rubair. D'athdhearbhaigh RAC nach bhfuil an teorainn 20 mg/kg atá beartaithe bunaithe ar an riosca measta ach d'athdhearbhaigh sé gur beart é atá dírithe ar thiúchan an-ard PAH a sheachaint agus sin amháin. Thairis sin, i ndáil le laghdú riosca, thug RAC le fios nach bhfuil aon difríocht shuntasach ann idir 17 mg/kg a roghnú thar 20 mg/kg a roghnú, agus ag aithint dó, cé is moite de dhaoine a chaitheann tobac, nach ó ghráinníní ná mótaí a thagann an nochtadh is mó don phobal i gcoitinne ach ó fhoinsí bia agus aer ionanálaithe.

(11) Cé nach bhfuil aon fhaisnéis tacaíochta ar fáil faoi ábhar na n-ocht PAH i gcorc, tá leaistiméirí teirmeaplaisteacha (TPE) agus rubar dé-éine próipiléine eitiléine (EPDM) curtha ar fáil, chomhaontaigh RAC le hAighnitheoir an tSainchomhaid gur cheart feidhm a bheith ag an teorainn PAH atá beartaithe maidir le haon chineál eile ábhair líonta ar pháirceanna sintéiseacha chun riosca comhchosúil nó riosca níos mó a sheachaint trí ionadú a dhéanamh ar cúis aiféala é.

(12) Ar chúiseanna forfheidhmithe, mhol RAC go gceanglófaí leis an srian maidir le gráinníní nó mótaí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha agus i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i saoráidí spóirt, go gceanglófaí leis an srian sin marcáil shonrach a thagraíonn do bhaiscuimhir uathúil. Maidir leis an ábhar a bhaineann leis an mbaisc a bhfuil tástáil déanta uirthi agus atá curtha ar an margadh, is féidir é a rianú leis an mbaiscuimhir sin. Thairis sin, maidir le sainmhínithe maidir le gráinníní, le mótaí, leis an ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha agus a úsáidtear i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i bhfeidhmeanna spóirt, mhol RAC iad a chuimsiú.

(13) An 20 Meán Fómhair 2019, ghlac Coiste na Gníomhaireachta um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) a thuairim ([10]) ina léirítear gurb é an srian beartaithe, arna mhodhnú ag RAC, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta, agus na sochair shocheacnamaíocha agus na costais shocheacnamaíocha a bhaineann leis á gcur san áireamh. Thug SEAC dá aire freisin cineál coisctheach an tsriain.

(14) Chomhaontaigh SEAC, maidir le cur i bhfeidhm an tsriain a beartaíodh ar dtús i sainchomhad Iarscríbhinn XV le haghaidh leibhéal tiúchana 17 mg/kg, dá gcuirfí siar é ar feadh tréimhse 12 mhí, bheadh sin iomchuí freisin le haghaidh leibhéal tiúchana 20 mg/kg, chun cur ar a gcumas do na geallsealbhóirí uile lena mbaineann na bearta riachtanacha maidir le comhlíonadh a dhéanamh.

(15) Le linn an phróisis déanta tuairimí, chuathas i gcomhairle leis an bhFóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú agus cuireadh a mholtaí san áireamh.

(16) An 12 Samhain 2019, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí RAC agus SEAC faoi bhráid an Choimisiúin. Agus sainchomhad Iarscríbhinn XV agus na tuairimí ó RAC agus ó SEAC á gcur san áireamh, measann an Coimisiún go bhfuil riosca do-ghlactha do shláinte an duine ag baint le gráinní nó mótaí ina bhfuil PAH a chur ar an margadh nó iad a úsáid mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha nó i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i bhfeidhmeanna spóirt, ar riosca é nach mór aghaidh a thabhairt air ar bhonn uile-Aontais. Cinneann an Coimisiún gurb é an srian a bheartaítear i sainchomhad Iarscríbhinn XV, mar aon leis na modhnuithe a mhol RAC agus SEAC, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a sainaithníodh do shláinte an duine agus gur teoranta an tionchar socheacnamaíoch atá aige.

(17) Níl feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le dramhaíl mar a shainmhínítear i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]). I gcomhréir leis an Treoir sin, in éagmais critéir dheiridh dramhaíola chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, is ag na Ballstáit atá an inniúlacht a chinneadh an bhfuil stádas deiridh dramhaíola bainte amach ag gráinníní agus mótaí atá díorthaithe ó ELT nó ó tháirgí eile a bhfuil a ré caite.

(18) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do gheallsealbhóirí bearta iomchuí a dhéanamh chun an srian atá beartaithe a chomhlíonadh. Ba cheart, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm an tsriain sin a chur siar 12 mhí.

(19) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.

([9]) https://echa.europa.eu/documents/10162/0a91bee3-3e2d-ea2d-3e33-9c9e7b9e4ec5
([10]) https://echa.europa.eu/documents/10162/53688823-bf28-7db7-b9eb-9807773b2109
([11]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3)

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Iúil 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

I gcolún 2 d'iontráil 50 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

| | |
|---|---|
| | "9. Ní chuirfear gráinníní ná mótaí ar an margadh lena n-úsáid mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha nó i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i bhfeidhmeanna spóirt má tá níos mó ná 20 mg/kg (0,002 % de réir meáchain) de shuim na PAHanna uile a liostaítear iontu.<br><br>10. Ní úsáidfear gráinníní ná mótaí mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha nó i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i bhfeidhmeanna spóirt má tá iontu níos mó ná 20 mg/kg (0,002 % de réir meáchain) de shuim na PAHanna uile a liostaítear.<br><br>11. Déanfar gráinníní nó mótaí a chuirfear ar an margadh lena n-úsáid mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha nó i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i bhfeidhmeanna spóirt a mharcáil le baiscuimhir aitheantais uathúil.<br><br>12. Beidh feidhm ag míreanna 9 go 11 ón 10 Lúnasa 2022.<br><br>13. Na gráinníní nó na mótaí a bhíonn á n-úsáid san Aontas an 9 Lúnasa 2022 mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha nó i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i bhfeidhmeanna spóirt, féadfar iad a choinneáil agus féadfar leanúint dá n-úsáid ansin chun na críche céanna.<br><br>14. Chun críocha mhíreanna 9 go 13:<br>(a) is éard is 'gráinníní' ann meascáin a thaispeántar mar cháithníní soladacha sa réimse méide idir 1 mm agus 4 mm, a dhéantar as rubar nó as ábhar bolcánaithe eile nó as ábhar polaiméireach eile de bhunús athchúrsáilte nó ó óghábhar, nó a fhaightear ó fhoinse nádúrtha;<br>(b) is éard is 'mótaí' ann meascáin a thaispeántar mar cháithníní soladacha calóg-chruthacha sa réimse méide idir 4 mm agus 130 mm ar fad agus leithead idir 10 mm agus 15 mm, a dhéantar as rubar nó as ábhar bolcánaithe eile nó as ábhar polaiméireach eile de bhunús athchúrsáilte nó ó óghábhar, nó a fhaightear ó fhoinse nádúrtha;<br>(c) is éard atá in 'ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha' gráinníní a úsáidtear i bpáirceanna scraithe sintéiseacha chun feabhas a chur ar shaintréithe feidhmíochta teicniúla spóirt an chórais scraithe;<br>(d) 'úsáid i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó i bhfeidhmeanna spóirt' is é sin, aon úsáid a bhaint as gráinníní nó as mótaí i bhfoirm scaoilte ar chlóis súgartha nó chun críoch spóirt seachas iad a úsáid mar ábhar líonta i bpáirceanna scraithe sintéiseacha." |

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2021/1200 ÓN gCOMHAIRLE

**an 19 Iúil 2021**

**lena gcuirtear síneadh le téarma oifige an Chathaoirligh ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh agus lena gceaptar an chéad Chathaoirleach eile ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2001/79/CBES ón gComhairle an 22 Eanáir 2001 lena mbunaítear Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Chinneadh 2001/79/CBES, tá an Chomhairle chun an Cathaoirleach ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh ("an Coiste Míleata") a cheapadh ar mholadh ón gCoiste Míleata, ag teacht le chéile dó ar leibhéal na gCeann Cosanta. I gcomhréir leis an gCinneadh sin, 3 bliana a bheidh i dtéarma oifige Chathaoirleach an Choiste Mhíleata, mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt.

(2) An 20 Feabhra 2018, trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2018/297 ([2]), cheap an Chomhairle an Ginearál Claudio GRAZIANO ina Cathaoirleach ar an gCoiste Míleata, go heisceachtúil, ar feadh tréimhse 3 bliana go leith, ón 6 Samhain 2018.

(3) Ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Bealtaine 2021, moladh ag cruinniú an Choiste Mhíleata, ag teacht le chéile dó ar leibhéal na gCeann Cosanta, go gceapfaí an Ginearál Robert BRIEGER ina Chathaoirleach ar an gCoiste Míleata, go ceann tréimhse 3 bliana, dar tosach 1 Meitheamh 2022.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur le téarma oifige an Ghinearáil Claudio GRAZIANO mar Chathaoirleach an Choiste Mhíleata go dtí tús théarma oifige an Ghinearáil Robert BRIEGER.

(5) Ba cheart an Ginearál Robert BRIEGER a cheapadh ina Chathaoirleach ar an gCoiste Míleata ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 31 Bealtaine 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis sin, cuirtear síneadh le téarma oifige an Ghinearáil Claudio GRAZIANO mar Chathaoirleach an Choiste Mhíleata go dtí an 31 Bealtaine 2022.

*Airteagal 2*

Leis seo, ceaptar an Ginearál Robert BRIEGER ina Chathaoirleach ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 31 Bealtaine 2025.

---

([1]) IO L 27, 30.1.2001, lch. 4.

([2]) Cinneadh (CBES) 2018/297 ón gComhairle an 20 Feabhra 2018 lena gceaptar an Cathaoirleach ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (IO L 56, 28.2.2018, lch. 33).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. PODGORŠEK

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1201 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16 Iúil 2021**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le cosaintí éisteachta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh cosanta pearsanta atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó le codanna de na caighdeáin sin, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó na codanna sin díobh.

(2) Le litir M/031 dar teideal "Sainordú caighdeánaithe do CEN/Cenelec maidir le caighdeáin i ndáil le trealamh cosanta pearsanta", rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt agus a tharraingt suas chun tacú le Treoir 89/686/CEE ón gComhairle ([3]).

(3) Ar bhonn iarraidh M/031 um chaighdeánú, dhréachtaigh CEN roinnt caighdeán nua agus rinne sé athbhreithniú ar roinnt caighdeán comhchuibhithe a bhí ann cheana.

(4) An 19 Samhain 2020, chuaigh iarraidh M/031 um chaighdeánú in éag agus cuireadh iarraidh nua um chaighdeánú ina hionad faoi mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924 ón gCoimisiún ([4]).

(5) Ós faoi scáth Rialachán (AE) 2016/425 feasta atá na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta is infheidhme maidir le trealamh cosanta pearsanta, buncheanglais a leagtar síos le Treoir 89/686/CEE, dréacht-chaighdeáin chomhchuibhithe a forbraíodh faoi iarraidh M/031 um chaighdeánú, cumhdaítear iad faoin iarraidh um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin fós, na caighdeáin sin a rinne CEN agus Cenelec a fhorbairt agus a fhoilsiú le linn na hidirthréimhse idir iarraidh M/031 um chaighdeánú agus an iarraidh um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924, is féidir glacadh leis go heisceachtúil nach bhfuil tagairt shainráite iontu don iarraidh um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51).

([3]) Treoir 89/686/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta (IO L 399, 30.12.1989, lch. 18).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924 ón gCoimisiún an 19.11.2020 maidir le hiarraidh um chaighdeánú i ndáil le trealamh cosanta pearsanta ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus chuig Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil, ionas go dtacófaí le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(6) Ar bhonn iarraidh M/031 um chaighdeánú agus ar bhonn na hiarrata um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924, dhréachtaigh CEN agus Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas: EN 352-9:2020 maidir le ceanglais sábháilteachta i ndáil le plugaí cluaise maille le hionchur fuaime a bhaineann leis an tsábháilteacht, agus EN 352-10:2020 maidir le ceanglais sábháilteachta i ndáil le plugaí cluaise ina seinntear fuaimeanna chun siamsaíochta, dhá chaighdeán a thacaíonn le Rialachán (AE) 2016/425.

(7) Ar bhonn iarraidh M/031 um chaighdeánú agus ar bhonn na hiarrata um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924, rinne CEN athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]): EN 352-1:2002; EN 352-2:2002; EN 352-3:2002; EN 352-4:2001 a leasaíodh le EN 352-4:2001/A1:2005; EN 352-5:2002 a leasaíodh le EN 352-5:2002/A1:2005; EN 352-6:2002; EN 352-7:2002; EN 352-8:2008. Is é toradh a bhí ar an athbhreithniú sin gur glacadh caighdeáin chomhchuibhithe EN 352-1:2020 maidir le ceanglais ghinearálta i ndáil le cosaintí cluas, EN 352-2:2020 maidir le ceanglais ghinearálta i ndáil le plugaí cluaise, EN 352-3:2020 maidir le ceanglais ghinearálta i ndáil le cosaintí cluas agus iad ceangailte d'fheistí cosanta cloiginn agus/nó d'fheistí cosanta aghaidhe, EN 352-4:2020 maidir le ceanglais sábháilteachta i ndáil le cosaintí cluas a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime, EN 352-5:2020 maidir le ceanglais sábháilteachta i ndáil le cosaintí cluas um laghdú gníomhach torainn, EN 352-6:2020 maidir le ceanglais sábháilteachta i ndáil le cosaintí cluas maille le hionchur fuaime a bhaineann leis an tsábháilteacht, EN 352-7:2020 maidir le ceanglais sábháilteachta i ndáil le plugaí cluaise a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime, agus EN 352-8:2020 maidir le ceanglais sábháilteachta i ndáil le cosaintí cluas ina seinntear fuaimeanna chun siamsaíochta.

(8) Na caighdeáin chomhchuibhithe a rinne CEN agus Cenelec a dhréachtú agus a athbhreithniú, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN agus Cenelec féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924 nó nach gcomhlíonann.

(9) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 352-4:2020, EN 352-5:2020, EN 352-6:2020, EN 352-7:2020, EN 352-8:2020, EN 352-9:2020 agus EN 352-10:2020, is caighdeáin iad a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/425. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(10) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 352-1:2020, EN 352-2:2020 agus EN 352-3:2020, ní caighdeáin iad lena gceanglaítear go mbeadh lipéadú ar na táirgí a chuirfeadh in iúl cén leibhéal maolaithe torainn is acmhainn dóibh. Dá bhrí sin, ba cheart na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(11) Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 352-1:2002, EN 352-2:2002, EN 352-3:2002, EN 352-4:2001 a leasaíodh le EN 352-4:2001/A1:2005, EN 352-5:2002 a leasaíodh le EN 352-5:2002/A1:2005, EN 352-6:2002, EN 352-7:2002 agus EN 352-8:2008, is tagairtí iad is gá a tharraingt siar ó shraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú ar na caighdeáin sin.

(12) Is in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 ón gCoimisiún ([6]) a liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425, agus is in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 a liostaítear na tagairtí don chuid sin de na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 arb é a dtarraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* atá i ndán dóibh, rud a tharlóidh ar na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn.

(13) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 352-1:2020, EN 352-2:2020 agus EN 352-3:2020, as na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425, sin iad na caighdeáin maille le srian is túisce a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 a dréachtaíodh iad, ar maille le srian a foilsíodh iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ba cheart Iarscríbhinn nua ina liostófaí na tagairtí sin a chur le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 a leasú dá réir.

(15) Tarraingt siar na dtagairtí do na caighdeáin a liostaítear in Iarscríbhinn II, is gá í a chur siar ionas go mbeidh a ndóthain ama ag na monaróirí iad féin a ullmhú do chur i bhfeidhm na gcaighdeán leasaithe.

---

([5]) IO C 113, 27.3.2018, lch. 41.

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2020 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le trealamh cosanta pearsanta, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 156, 19.5.2020, lch. 13).

(16) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go bhfuil glacadh leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 mar a leanas:**

(1) cuirtear Airteagal 2a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 2a*

Caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh cosanta pearsanta, caighdeáin ar chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 a dréachtaíodh iad, arb in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo a liostaítear iad, déantar na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.";

(2) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(3) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(4) an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo, cuirtear an téacs sin isteach agus is í Iarscríbhinn III atá ann.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Iúil 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| "32. | EN 352-4:2020<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta – Cuid 4: Cosaintí cluas a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime |
| 33. | EN 352-5:2020<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta – Cuid 5: Cosaintí cluas um laghdú gníomhach torann |
| 34. | EN 352-6:2020<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta – Cuid 6: Cosaintí cluas maille le hionchur fuaime a bhaineann leis an tsábháilteacht |
| 35. | EN 352-7:2020<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta – Cuid 7: Plugaí cluaise a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime |
| 36. | EN 352-8:2020<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta – Cuid 8: Cosaintí cluas siamsaíochta |
| 37. | EN 352-9:2020<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta – Cuid 9: Plugaí cluaise maille le hionchur fuaime a bhaineann leis an tsábháilteacht |
| 38. | EN 352-10:2020<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta – Cuid 10: Plugaí cluaise ina seinntear fuaimeanna chun siamsaíochta" |

*IARSCRÍBHINN II*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| “22. | EN 352-1:2002<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta – Cuid 1: Cosaintí Cluas | 21 Eanáir 2023 |
| 23. | EN 352-2:2002<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta – Cuid 2: Plugaí cluaise | 21 Eanáir 2023 |
| 24. | EN 352-3:2002<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta – Cuid 3: Cosaintí cluas agus iad ceangailte de chlogad tionsclaíoch sábháilteachta | 21 Eanáir 2023 |
| 25. | EN 352-4:2001<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta agus tástáil - Cuid 4: Cosaintí cluas a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime<br><br>EN 352-4:2001/A1:2005 | 21 Eanáir 2023 |
| 26. | EN 352-5:2002<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta agus tástáil – Cuid 5: Cosaintí cluas um laghdú gníomhach torann<br><br>EN 352-5:2002/A1:2005 | 21 Eanáir 2023 |
| 27. | EN 352-6:2002<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta agus tástáil – Cuid 6: Cosaintí cluas maille le hionchur fuaime leictreach | 21 Eanáir 2023 |
| 28. | EN 352-7:2002<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta agus tástáil – Cuid 7: Cosaintí cluas a fheidhmíonn de réir leibhéal na fuaime | 21 Eanáir 2023 |
| 29. | EN 352-8:2008<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais sábháilteachta agus tástáil – Cuid 8: Cosaintí cluas ina seinntear fuaimeanna chun siamsaíochta | 21 Eanáir 2023” |

*IARSCRÍBHINN III*

*'IARSCRÍBHINN III*

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 1. | EN 352-1:2020<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta – Cuid 1: Cosaintí cluas<br><br>**Fógra**: Ní caighdeán é seo lena gceanglaítear lipéadú a chur ar an táirge a chuirfeadh in iúl cén leibhéal maolaithe torainn is acmhainn dó. Dá bhrí sin, comhlíonadh an chaighdeáin seo, ní rud é a thugann le fios go bhfuil comhréir ann le pointe 3.5 den dara mír d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425. |
| 2. | EN 352-2:2020<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta – Cuid 2: Plugaí cluaise<br><br>**Fógra**: Ní caighdeán é seo lena gceanglaítear lipéadú a chur ar an táirge a chuirfeadh in iúl cén leibhéal maolaithe torainn is acmhainn dó. Dá bhrí sin, comhlíonadh an chaighdeáin seo, ní rud é a thugann le fios go bhfuil comhréir ann le pointe 3.5 den dara mír d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425. |
| 3. | EN 352-3:2020<br><br>Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta – Cuid 3: Cosaintí cluas agus iad ceangailte d'fheistí cosanta cloiginn agus/nó d'fheistí cosanta aghaidhe<br><br>**Fógra**: Ní caighdeán é seo lena gceanglaítear lipéadú a chur ar an táirge a chuirfeadh in iúl cén leibhéal maolaithe torainn is acmhainn dó. Dá bhrí sin, comhlíonadh an chaighdeáin seo, ní rud é a thugann le fios go bhfuil comhréir ann le pointe 3.5 den dara mír d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425." |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA